



An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine
Tuarascáil Bhliantúil 2013

Clár na nÁbhar

Réamhrá ón gCathaoirleach	Leathanach (i)
Réamhrá lón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin	(iii)
CÉ MUID FÉIN AGUS CAD A DHÉANAIMID	
Cé Muid Féin	1
Ballraíocht an Údaráis	2
Ár Ról	3
GNÓTHACHTÁLACHA IN 2013	
Ceadúnú	5
Imscrúduithe	10
Cáilíochtaí	15
Soláthar Foirne	18
Ciste Cúitimh	21
Cláir Phoiblí	24
Ag Maoiniú an Údaráis	27
Aguisíní	
Aguisín I - Tuarascáil Airgeadais	A
Aguisín II - Liosta na Litreacha Gníomhaithe	B



Réamhrá le Geraldine Clarke, Cathaoirleach an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine.

Is deas liom an dara tuarascáil bhliantúil de chuid an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine a chur i láthair maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2013.

Rinneadh an reachtaíocht lena mbunaítear an tÚdarás a achtú in 2012 agus rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2013 maidir lena fheidhmeanna reachtúla a sheachadadh. Den chéad uair, chonaiceamar oibriú córas cuimsitheach ceadúnaithe do sholáthraithe seirbhíse, tabhairt isteach forleathan conarthaí i scríbhinn, feabhsú ar cheanglais cháilíochtaí sa tionscal, bunú Ciste Cúitimh, bunú Clár Phoiblí um Sholáthraithe Seirbhísí Maoine agus an Clár Praghsanna Réadmhaoine Cónaithe. Ag tarraingt ar dheireadh na bliana bhí tús curtha againn le córas cuimsitheach imscrúdaithe agus breithnithe gearán in éadan Soláthraithe Seirbhísí Maoine.

Tá garspriocanna mar sin ina dtiomna do dhúthracht, do dhíograis agus do dhianobair chrua Thomas Lynch, POF an Údaráis agus a fhoirne tiomanta. Bhí ról suntasach ag a dtiomantas i mbliain rathúil a dhéanamh den bhliain don Údarás.

Déantar foráil san Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) i leith ceann de na creataí rialála is suntasaí le haghaidh Thionscal na Seirbhísí Maoine in áit ar bith san Eoraip agus is í m'aidhm, mar Chathaoirleach an Údaráis, a chinntiú go ndéanfar a acmhainneacht a réadú go hiomlán. Ba mhaith linn sampla a dhéanamh d'Éirinn maidir le conas is féidir le rialáil cur le caighdeán a ardú i dTionscal na Seirbhísí Maoine agus ag an am céanna cosaint láidir a chur ar fáil do thomhaltóirí.

Dá bhrí sin, tá a fhios agam, cé gur baineadh a lán rudaí amach in 2013, go bhfuil méid suntasach oibre le déanamh fós chun a chur ar a chumas an Údaráis éifeacht

iomlán a thabhairt d'fhorálacha an Achta. Tá a fhios agam go háirithe faoin obair atá fós le déanamh chun córas cuimsitheach imscrúdaithe a thabhairt chun críche agus a chothabháil agus chun iniúchtaí um chomhlíonadh ar ghnólachtaí ceadúnaithe a thabhairt isteach. Tá na feidhmeanna sin lárnach i gcóras um rialáil láidir ar bith agus ní mór na hacmhainní breise atá ríthábhachtach chun iad a bhaint amach a chur ar fáil mar bheart práinne don Údarás.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais as a tacaíocht leanúnach agus lena Roinn as an méid atá curtha acu chun acmhainní a chur ar fáil d'obair an Údaráis.

Ar deireadh, ba mhaith liom moladh a thabhairt do mo chuid comhghleacaithe ar an Údarás agus buíochas a ghabháil leo as a dtiomantas agus as a dtacaíocht le linn na bliana.

Geraldine Clarke
1 Deireadh Fómhair, 2014



Réamhrá le Tom Lynch, Príomhfheidhmeannach an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Is é seo dara tuarascáil bhliantúil an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine agus is é ár bpríomhchuspóir don bhliain an próiseas ceadúnaithe a chomhdhlúthú agus tús a chur leis an imscrúdú ar ghearáin.

Ba é an dúshlán a bhí againn in 2013 a chinntiú go raibh na hiarratais ar fad don bhliain cheadúnaithe 2012/2013 tugtha chun críche agus go rabhamar ábalta tabhairt faoi athnuachan ceadúnas don bliain cheadúnaithe 2013/2014 chomh maith.

Cé go riabh a lán deacrachtaí os ár gcomhair sáraíodh iad go léir. De bhrí gur próiseas úr a bhí ann d'iarratasóirí bhí a lán de na hiarratais neamhiomlán agus ghlac sé tamall maith chun na doiciméid riachtanacha a chur i láthair agus a mheasúnú. Mar sin féin d'éirigh linn gach iarratasóir incháilithe a cheadúnú don bhliain cheadúnaithe 2012/2013 agus d'éirigh linn líon suntasach ceadúnas don bhliain cheadúnaithe 2013/2014 a athnuachan.

Cé go raibh deacrachtaí againn bhí sé spreagúil an feabhas a bhí ar chaighdeán na n-iarratas a fuarthas nuair a bhí ceadúnais á n-athnuachan. Is léir gur fhoghlaim a lán daoine óna gcéad eispéireas agus táimid an-bhuíoch as a n-iarrachtaí lena chinntiú go raibh a n-iarratais athnuachana comhlánaithe mar is ceart. Chuidigh sé go mór mór le héifeachtacht na hoibríochta.

Rud eile a bhí spreagúil ná, cé go raibh sé déanach sa bhliain, go rabhamar ábalta tús a chur leis an imscrúdú ar ghearáin. Gné an-tábhachtach is ea an t-imscrúdú ar ghearáin in obair an Údaráis.

Trínár dtaithí le linn na bliana tá sé curtha ina luí orainn go bhfuil fíorthacaíocht láidir sa tionscal maidir leis an gcóras úr ceadúnaithe agus go deimhin thug na comhlachtaí ionadaíocha a lán tacaíochta dúinn chomh maith. Táimid an-bhuíoch as a dtacaíocht.

Toisc nach raibh na ceanglais um cheadúnú faoin seanchóras ceadúnaithe trom táim cinnte go raibh tuiscint iomlán ann maidir le suntasacht an cheadúnais. Is éard is ceadúnas a dheonaíonn an Stát ráiteas a dhéanann an Stát ina sonraítear go bhfuil an duine dá ndeonaíodh é iontaofa agus cáilithe chun seirbhís a sholáthar atá an-tábhachtach, i gcás seirbhísí maoiné a sholáthar, dár saoránaigh go léir. Leis na ceanglais agus na caighdeáin úra ar fad atá le comhlíonadh ag ceadúnaithe anois creidim go bhfuil tuiscint mhéadaithe ann maidir le suntasacht an cheadúnais.

Bhí bliain an-ghnóthach ag an bhfoireann atá ag obair leis an Údarás agus foghlaimíodh a lán rudaí úra. Mar an gcéanna le fiontar nuathionscanta ar bith, sa chás nach bhfuil mórán fásach, más ann dóibh ar chor ar bith, le cloí leo, bhí gá lena lán uaireanta a chaitheamh ag déanamh anailíse ar fhadhbanna, ag fáil réiteach agus ag tástáil láidreacht na réiteach sin. Tá mé go deimhin an-bhuíoch ar fad don fhoireann as na huaireanta fada a chaith siad agus as an díograis atá taispeánta acu.

Cé gurbh bhliain dheacair a bhí ann bhí am corraitheach ag gach duine agus iad rannpháirteach i leagan síos bunús an chórais rialála úir chomh maith.

Cé Muid Féin

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine (PSRA) an 3 Aibreán 2012 de bhun an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 agus is é an comhlacht reachtúil ag a bhfuil an fhreagracht as tionscal na seirbhísí maoine in Éirinn a cheadúnú agus a rialáil.

Tá ceanncheathrú an PSRA bunaithe san Uaimh, Co. na Mí ó bunaíodh an tÚdarás, agus osclaíodh an dara hoifig ag Cearnóg an Easpaig, Sráid Chaoimhín, Baile Átha Cliath i ndara leath 2013.

Tá an tÚdarás neamhspleách i gcleachtadh a chuid feidhmeanna. Tá an tÚdarás faoi chathaoirleach an Uasail Geraldine Clarke, Aturnae, agus tá ionadaithe do thionscal na seirbhísí maoine agus do thomhaltóirí i measc a bhallraíochta.

Chomh maith leis an bPríomhfheidhmeannach sannadh 9 mball foirne san iomlán don Údarás nuair a bunaíodh é. Ag tarraingt ar dheireadh 2013, an bhliain atá á hathbhreithniú, sannadh 5 bhall foirne eile chun cur ar chumas an Údaráis ceann de phríomhchuspóirí na reachtaíochta, is é sin an t-imscrúdú ar ghearáin, a bhaint amach.

Déantar foráil sa reachtaíocht ina mbunaítear an PSRA i leith ceadúnú líon catagóirí soláthraithe seirbhísí maoine agus is iad sin:

Ceantálaithe/Gníomhair Eastáit

Daoine atá bainteach le Ceant maoine seachas talamh (Ceadúnas Chineál A) agus iad siúd atá bainteach le díol talún ar cibé bealach (Ceadúnas Chineál B)

Gníomhairí Ligin

Daoine atá bainteach le ligean talún (Ceadúnas Chineál C)

Gníomhairí Bainistíochta

Daoine atá bainteach le soláthar Seirbhísí bainistíochta thar ceann Comhlachtaí Bainistíochta (Ceadúnas Chineál D).

Comhaltaí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011, ní mór don Aire, agus comhlachtaí á gceapadh aige ar an Údarás, an inmhianaitheacht a chur san áireamh go mbeidh eolas nó taithí acu maidir le gnóthaí tomhaltóirí, gnó, airgeadas, bainistíocht nó riarachán nó ábhar ar bith eile a chuideodh, dar leis an Aire, leis an Údarás agus a fheidhmeanna faoin Acht seo á gcomhlíonadh acu.

Ordaítear san Acht chomh maith, áfach, nach mór an méid seo a leanas a bheith ar an mballraíocht:

- (a) nach mó ná 3 dhuine ar ionadaithe iad ar son daoine a sholáthraíonn seirbhísí maoine, agus
- (b) nach lú ná 3 dhuine a bhfuil eolas acu ar ghnóthaí tomhaltóirí nó a bhfuil taithí acu ar ghnóthaí tomhaltóirí

Is é seo a leanas ballraíocht an Údaráis:

An tUasal Geraldine Clarke (Cathaoirleach)

An tUasal Carol Boate, Ionadaí Tomhaltóra

An tUasal Edward Carey, Ionadaí Tomhaltóra

An tUasal Patrick Davitt, Ionadaí Tionscail*

An tUasal James Doorley, Ionadaí Tomhaltóra

An tUasal Deirdre Fox, Ionadaí Tomhaltóra*

An tUasal Martin Hanratty, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath*

An tUasal Josephine Henry, Ionadaí Tomhaltóra*

An tUasal Paul Mooney, Ionadaí Tionscail

An tUasal Myles O' Reilly, Ionadaí Tomhaltóra

An tUasal Regina Terry, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais*.

Beidh comhaltaí an Údaráis i seilbh oifige ar feadh tréimhse ceithre bliana. As na comhaltaí a ceapadh ar an Údarás ar an lá a bunaíodh é, áfach, tá cúigear i seilbh oifige ar feadh tréimhse trí bliana ó dháta a gcoinní faoi seach. Tá na daoine a ceapadh ar feadh tréimhse trí bliana marcáilte le réiltín.

Ról an Údaráis

Is é príomhról an Údaráis a chinntiú go mbainfear cuspóirí na reachtaíochta bunaithe amach go hiomlán lena chinntiú go gcomhlíonfaidh na daoine atá ceadúnaithe chun Seirbhísí Maoine a sholáthar na caighdeáin is airde i soláthar seirbhíse agus go ndéanfar tomhaltóirí a chosaint go hiomlán trí fhorálacha an Achta a chur i bhfeidhm go dian.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Údaráis:

<ul style="list-style-type: none">• Chun rialú, maoirsiú agus rialáil a dhéanamh ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine (i.e. Ceantálaithe/Gníomhairí Eastáit, Gníomhairí Ligin agus Gníomhairí Bainistíochta);
<ul style="list-style-type: none">• Chun córas cuimsitheach ceadúnaithe a oibriú a chuimsíonn gach Soláthraí Seirbhísí Maoine;
<ul style="list-style-type: none">• An méid a leanas a shonrú agus a chur i bhfeidhm:-<ul style="list-style-type: none">○ caighdeáin do dheonú ceadúnas do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine (e.g. caighdeáin oideachais/oiliúna; leibhéil árachas gairmiúil slánaíochta), agus;○ caighdeáin a bhfuil meas le léiriú orthu agus seirbhísí maoine á soláthar ag Soláthraithe Seirbhísí Maoine (e.g. caighdeáin theicniúla; caighdeáin oiriúnacha eiticiúla);
<ul style="list-style-type: none">• Córas imscrúdaithe agus breithnithe gearán a bhunú i leith Soláthraithe Seirbhísí Maoine;
<ul style="list-style-type: none">• Córas imscrúdaithe agus breithnithe gearán a bhunú agus a riar in

<p>éadan Soláthraithe Seirbhísí Maoine;</p>
<ul style="list-style-type: none"> • Smachtbhannaí a ghearradh ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine mar gheall ar iompar míchuí (lena n-áirítear fíneálacha suas le €250,000 agus cúlghairm ceadúnais);
<ul style="list-style-type: none"> • Cosaint mhéadaithe tomhaltóirí agus feasacht mhéadaithe phoiblí ar sheirbhísí maoine go ginearálta a chur chun cinn;
<ul style="list-style-type: none"> • Ciste Cúitimh a bhunú, a choimeád agus a riar chun cúiteamh a sholáthar do pháirtithe a chailleann airgead mar iarmhairt dhíreach ar mhí-ionracas Soláthraí Seirbhísí Maoine;
<ul style="list-style-type: none"> • Cóid Chleachtais a fhorbairt do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine;
<ul style="list-style-type: none"> • Clár Poiblí na bPraghsanna Díolalacháin Mhaoine a bhunú;
<ul style="list-style-type: none"> • Gníomhú mar Údarás Inniúil Stáit le haghaidh Sciúradh Airgid;
<ul style="list-style-type: none"> • Tabhairt faoi thionscadail taighde nó iad a choimisiúnú;
<ul style="list-style-type: none"> • Chun comhairle a thabhairt don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le cúrsaí ar bith a bhaineann leis na feidhmeanna thuas agus an tAire a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí ar bith a chuideodh le beartas a fhorbairt.

Ceadúnú

Tá an tÚdarás freagrach as gach soláthraí seirbhísí maoinne in Éirinn a cheadúnú. Eisíodh sé ceithre chineál éagsúla ceadúnais, is iad sin;

- ***Ceadúnas chun Maoine seachas talún a chur ar Ceant (Ceadúnas Chineál A).***

Leis an gceadúnas seo is féidir raon leatha maoinne a chur ar ceant ó ceantáil seandachtaí, mínealaíon, earraí agus airnéisí, beostoic, srl. Dá réir sin, áirítear ar na daoine a chumhdaítear faoin gceadúnas seo aonáin dhíchosúla amhail seandachtaí agus déileálaithe ealaíne, déileálaithe carranna athlámhe go dtí margaí beostoic.

- ***Ceadúnas chun talún a íoc ar cibé bealach (Ceadúnas Chineál B)***

Leis an gceadúnas seo tá cead talamh a dhíol trí cheantáil, trí chonradh príobháideach nó trí thairiscint. Is é an sainmhíniú atá ar thalamh san Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009 agus áirítear air eastát nó leas i dtalamh nó faoi thalamh, mianaigh agus mianraí agus foirgnimh nó struchtúir de chineál ar bith ar thalamh.

- ***Ceadúnas chun talamh a ligean (Ceadúnas Chineál C)***

Leis an gceadúnas seo is féidir talamh a ligean thar ceann tríú páirtí. Féadfaidh duine ar bith a bhfuil ceadúnas dá leithéid ina sheilbh/ina seilbh an ligean a bhainistiú (.i. seirbhísí cothabhála, seirbhísí glantacháin, seirbhísí bailithe cíosa, srl. don tiarna talún) chomh maith. Ní gá do dhuine a bhfuil ceadúnas ligin acu Ceadúnas a bheith acu fosta chun Seirbhísí Bainistíochta Ligin a sholáthar sa chás nach bhfuil na seirbhísí bainistíochta á soláthar ach thar ceann an tiarna talún amháin.

- ***Ceadúnas chun Seirbhísí Bainistíochta Maoine a sholáthar (Ceadúnas Chineál D)***

Leis na gceadúnas seo is féidir Forbairtí Ilaonad (m.sh. bloic árasán) a bhainistiú thar ceann comhlacht bainistíochta amhail Cuideachta Bainistíochta Úinéara. Cumhdaítear gach gné um bainistíocht forbairtí dá leithéidí leis.

Is féidir le duine ar bith iarratas a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de na ceadúnais thuas.

Ba í 2013 an chéad bhliain iomlán ina raibh an tÚdarás i mbun feidhme. Ar a bhunú in 2012 ba é ceann dá chéad fheidhmeanna córas úr ceadúnaithe a thabhairt isteach agus ceannas a ghlacadh ar an gceadúnú ó na Cúirteanna agus ó na Coimisinéirí loncaim. Eisítear ceadúnas ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag agus faoin gcóras ceadúnaithe a bhí ann sular tugadh isteach Acht 2011 ba é an 6 Iúil go dtí an 5 Iúil an bhliain cheadúnaithe gach bliain. Nuair a bhunaigh an tÚdarás an córas úr ceadúnaithe bhí sé riachtanach go bhfreastalódh sé ar na sealbhóirí ceadúnais a bhí ann cheana. Dá réir sin, maidir le formhór na gceadúnaithe, leanfaidh a mbliain cheadúnaithe ag oibriú i lár na bliana go dtí lár na bliana.

Toisc go n-oibreofar ceadúnais go ginearálta thar dhá bhliain tuairiscithe ar leith, is gá, sna chéad chéimeanna d'fhorbairt an Údaráis, na staitisticí um cheadúnú a chur i láthair thar thréimhse a bheidh níos faide ná an tréimhse tuairiscithe d'fhonn iad a mhíniú mar is ceart. Ón tréimhse ón 6 Iúil 2012 go dtí deireadh 2013 fuarthas 6,243 iarratas san iomlán ar cheadúnas. Cé go bhfuarthas formhór na n-iarratas sin roimh mhí na Nollag 2012 ní raibh deonaithe ach 1,123 suas go dtí deireadh 2012. Níor tugadh próiseáil na n-iarratas ar cheadúnais don bhliain cheadúnaithe sin chun críche go dtí mí na Bealtaine 2013.

Ba roinnt fachtóirí taobh thiar den mhoill i bpróiseáil na gceadúnas. Ar an gcéad dul síos, faoin gcóras úr theastaigh ó iarratasóirí, den chéad uair, an méid seo a leanas a chur ar fáil:

- Tuarascáil Chuntasóra ag sonrú go raibh nósanna imeachta cuntasáochta cuí i bhfeidhm acu chun airgead cliant a chosaint,
- fianaise maidir lena gcáilíocht ceadúnas a bheith acu,
- fianaise go raibh siad cáin-chomhlíontach agus
- fianaise go raibh an leibhéal cuí d'Árachas Slánaíochta Gairmiúil acu.

Ba í an deacracht ba mhó a bhí ag iarratasóirí fianaise maidir lena gcáilíocht ceadúnas a bheith acu a chur ar fáil. Maidir leis seo tá sé tábhachtach a thabhairt

faoi deara nuair a bhí na hiarratais ar cheadúnú don bhliain cheadúnaithe 2012/2013 tugtha chun críche go raibh 80% de na ceadúnaithe ag brath ar a dtaithe roimhe sin ar an soláthar seirbhís maoiné dá raibh siad ag iarraidh ceadúnais seachas ar cháilíochtaí acadúla.

Toisc na raibh formhór na n-iarratasóirí bainteach roimhe sin i bpróiseas dá leithéid, theip ar a lán díobh, ina gcéad iarratas, an fhaisnéis/an fhianaise riachtanach a chur isteach le tacú lena n-iarratais. Mar thoradh air sin bhí ar an Údarás tuilleadh faisnéis/fianaise a iarraidh ar na hiarratasóirí i bhformhór na gcásanna (os cionn 90%). Ar deireadh faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2013 bhí na hiarratais uile ar cheadúnú 2012/2013 próiseáilte.

Ba é fachtóir eile a chur leis an moill sa phróiseáil go raibh na sonraí maidir leis na 6,243 iarratasóir, ar líon suntasach é sin, á ngabháil den chéad uair.

Ba é tríú fachtóir a chur leis an moill sa phróiseáil na hacmhainní foirne teoranta a bhí ar fáil don Údarás. Sannadh 9 mball foirne san iomlán don Údarás nuair a bunaíodh é in 2012. Níor sannadh baill foirne bhreise ar bith eile don Údarás go dtí mí na Samhna 2013 nuair a fostaíodh 5 bhall foirne úra.

I ngeall ar na moilleanna bhí mí na Bealtaine 2013 ann sula raibh na hiarratais don bhliain cheadúnais 2012/2013 próiseáilte agus faoin am sin bhí a n-athnuachan don bhliain cheadúnais 2013/2014 ag tarraingt orainn. Mar thoradh air sin ba é ceadúnú an ghníomhaíocht aonair is tábhachtaí de chuid an Údaráis le haghaidh 2013.

Bhain an phríomhdheacracht a bhí ag iarratasóirí lena gcéad iarratais le fianaise dá gcáilíochtaí a chur ar fáil. Bhí deacrachtaí gan fasach ann áfach, a bhain leis an Tuarascáil Chuntasóra a raibh gá lena chur isteach leis na hiarratais ar athnuachan ceadúnas.

Baineann an Tuarascáil Chuntasóra a raibh gá lena cur isteach le céad iarratas le dearbhú ón iarratasóir go mbeidh córais agus nósanna imeachta áirithe, arna sainiú sna Rialacháin um Chuntais Cliant (I.R. 181 de 2012) i bhfeidhm chun airgead cliant a chosaint. Ceanglaítear ar an gcuntasóir leis an tuarascáil atá le cur isteach le

hiarratas ar athnuachan, áfach, scrúdú a bheith déanta aige ar idirbhearta na gcuntas agus dearbhú a shíniú sonrú go raibh an t-iarratasóir le linn “na tréimhse cuntasaíochta” comhlíontach go hiomlán maidir lena oibleagáidí/hoibleagáidí faoi na rialacháin. Bhí moilleanna suntasacha ann maidir le tuarascálacha dá leithéidí a thabhairt agus mar thoradh air sin, i roinnt cásanna, ní rabhthas ábalta iarratais ar athnuachan a chur ar aghaidh ar feadh tréimhsí fada.

In ainneoin na moilleanna éagsúla a tharla bhí thart ar 4,706 iarratas ar athnuachan ceadúnas próiseáilte go hiomlán ag an Údarás roimh dheireadh 2013: Is iad seo a leanas na sonraí maidir leis na ceadúnais a próiseáladh in 2013.

Ceadúnais a Próiseáladh Eanáir go Nollaig 2013

Ceadúnais Úra	
Iarratais Iúil 2012 go dtí Nollaig 2013	6,243
Ceadúnais arna nDeonú 2012	1,123
Ceadúnais arna nDeonú 2013	4,259
Ceadúnais arna nDiúltú 2013	573
Trádáil Scórtha	288

Athnuachan - 2013	
Ceadúnais Athnuachana a Eisíodh	4,202
Athnuachan ar Feitheamh Faisnéise	439
Moladh i gComhair Diúltaithe	65

Is é seo a leanas leithdháileadh na gceadúnas a eisíodh suas go dtí 2013 idir fostóirí agus fosaithe:

Catagóir Ceadúnaí	Líon na gCeadúnas
Cuideachta	909
Comhpháirtíocht	80
Trádálaí Aonair	315
Conraitheoir Neamhspleách	561
Fostaí	3517
Iomlán	5382

As na 5,382 ceadúnas a deonaíodh idir Iúil 2012 agus Nollaig 2013 bhain cuid díobh le cineál ceadúnais aonair agus bhain cuid eile díobh leis na ceithre chineál ceadúnais. Seo a leanas miondealú ar na ceadúnais sin:

Ceadúnais arna nEisiúint de réir an Chineáil Ceadúnais	
An Cineál Ceadúnais a Eisíodh	Ceadúnais a Eisíodh
A	208
A,B	65
A,B,C	2359
A,B,C,D	732
A,B,D	6
A,C	14
A,C,D	2
A,D	6
B	162
B,C	579
B,C,D	267
B,D	1
C	259
C,D	192
D	531
Iomlán	5382

Ar an iomlán, a mhéad is a bhaineann tuiscint na gceadúnaithe ar an gcreat rialála úr, tá feabhas suntasach léirithe ar fhreagairt na gceadúnaithe do na ceanglais úra is gá chun ceadúnas a fháil. Go sonrach feictear é sin leis an bhfreagairt níos dearfaí a thug na hiarratasóirí maidir leis an bpróiseas um athnuachan ceadúnas ná mar a thug siad maidir le próiseas an iarratais tosaigh ar athnuachan.

Cé go bhfuil feabhas suntasach le feiceáil tá i bhfad barraíocht daoine ann fós agus tá an chuma ann nach dtuigeann siad go hiomlán na himpleachtaí a bheidh ann dóibh mura gcomhlíonann siad a n-oibleagáidí go hiomlán.

Don chuid is mó den bhliain 2013 bhí foirann an Údaráis bainteach leis an bpróiseas um cheadúnú a chomhdhlúthú. Toisc nach bhfuil an córas ceadúnaithe chomh dian is a bhí sé, áfach, is féidir le foireann an Údaráis níos mó fócais a chur anois ar chur i bhfeidhm fheidhmeanna rialála tábhachtacha eile an Údaráis amhail iniúchtaí um chomhlíonadh a dhéanamh agus gearáin a imscrúdú.

Imscrúduithe

Gné lárnach i gcumhachtaí rialála an Údaráis is ea imscrúdú ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine. Tá dhá chineál imscrúdaithe ann ar féidir leis an Údarás iad a dhéanamh agus is iad sin:

- imscrúdú ar na caighdeáin maidir le soláthar seirbhísí maoine ag soláthraithe seirbhíse, agus
- imscrúdú agus breithniú gearán arna ndéanamh in éadan soláthraithe seirbhíse

Go bunúsach cineál iniúchta um chomhlíonadh is ea an chéad chineál imscrúdaithe lena chinntiú go bhfuil soláthraithe seirbhíse ag cloí go hiomlán lena n-oibleagáidí reachtúla agus go gcoinnítear ardchaighdeán soláthair seirbhíse. Déantar an dara cineál imscrúdaithe thuas ar bhun gearáin maidir le “hiompar míchuí in éadaí soláthraí seirbhíse.

Sular féidir imscrúdú ar bith dá leithéid a dhéanamh, áfach, caithfidh soláthraithe seirbhíse a bheith ceadúnaithe faoi Acht 2011. Mar thoradh air sin bhí gá lena chinntiú go raibh ceadúnú soláthraithe seirbhíse curtha i bhfeidhm go hiomlán sula rabhthas ábalta tús a chur le himscrúduithe. Chiollaigh nádúr fadréimhse na hoibre a bhain leis an gcóras ceadúnaithe úr a chur i bhfeidhm go hiomlán mar aon le hacmhainní teoranta soláthair foirne nach rabhthas ábalta tosú ar obair ar fhorbairt na nósanna imeachta imscrúduithe riachtanacha go dtí an ráithe dheireanach in 2013.

Mar sin féin, roimh dheireadh 2013 ullmhaíodh nósanna imeachta mionsonraithe maidir le himscrúduithe a dhéanamh, bunaíodh bunachar sonraí cuimsitheach gearán, rinneadh gach gearán a thaifeadadh agus a anailísiú agus cuireadh tús le hoibre ar an imscrúdú ar ghearáin.

Go hachomair is iad seo a leanas an creat dlíthiúil bunaidh agus na nósanna imeachta maidir leis an imscrúdú ar ghearáin um “iompar míchuí” ag Soláthraí Seirbhíse Maoine Ceadúnaithe:

- Féadfaidh duine ar bith gearán a dhéanamh leis an Údarás go raibh nó go bhfuil Soláthraí Seirbhísí Maoine bainteach in “iompar míchuí”.
- Ní mór an gearán a bheith i scríbhinn agus an méid seo a leanas a bheith ann:
 - (i) Ainm, seoladh agus sonraí teagmháil an ghearánaí;
 - (ii) Ainm an Soláthraí Seirbhíse Maoine (SSM) a bhfuil an gearán á dhéanamh ina éadan/ina héadan (agus an seoladh agus sonraí teagmhála má tá siad ar eolas);
 - (iii) Cineál an ghearáin, lena n-áirítear déileálacha ar bith leis an SSM;
 - (iv) Léiriú maidir le cibé acu ar ndearna nó nach ndearna an gearánaí gearán leis an SSM cheana (nó comhlacht ar bith eile amhail comhlacht ionadaíoch) agus an toradh air;
 - (v) Doiciméid tacaíochta ábhartha (m.sh. litreacha, bróisiúir, fógraí).
 - (vi) Léiriú maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil imeachtaí dlí ar siúl nó machnamh á dhéanamh orthu i dtaca leis an gcúrsa faoina ndearnadh gearán.
- Ní mór gach gearán a bheith sínithe agus dátaithe ag an ngearánaí nó a ionadaí/a hionadaí.
- Ní féidir imscrúdú a dhéanamh ach ar ghearáin a thagann faoin sainiú ar “iompar míchuí” dá bhforáiltear san Acht. Ciallaíonn “iompar míchuí” bainteach soláthraí seirbhíse i gceann ar bith dóibh seo a leanas:
 - (a) coimisiúnú gnímh ag an soláthraí seirbhíse lena meastar nach bhfuil sé/sí ina dhuine oiriúnach agus ceart le seirbhísí maoine a sholáthar a thuilleadh,
 - (b) coimisiúnú sáraithe ag an soláthraí seirbhíse ar cheann de na hailt seo a leanas den Acht—
alt 28(1), 29(9), 31(5), 37(1), (2), (4), (5), (6) or (7), 41(1), 43(1), (2) or (3), 44, (2), 56(1), 57(1), 58(3), 59(1), 60(1), 61, or 81(1) or (2), nó
 - (c) coimisiúnú sáraithe ag an soláthraí seirbhíse ar fhoráil rialachán a rinneadh faoi alt 46, 62 nó 95 den Acht,

(d) má thugann an soláthraí seirbhíse ráiteas maidir le luach margaidh molta nó luach ligin molta talún agus go bhfuil sé follasach nach bhfuil sé réasúnta.

- Ní mór don Údarás gach gearán a imscrúdú sa chás go bhfuil sé sásta go bhfuil an gearán:
 - déanta de mheon macánta, agus
 - nach bhfuil sé suaibhreasach nó cráiteach, agus
 - nach bhfuil sé gan bunús nó gan údar, agus
 - go bhfuil sé dóchúil nach ndéanfar é réiteach trí idirghabháil nó trí mhodh foirmiúil ar bith eile.
- Nuair a chinneann an tÚdarás nach bhfuil gá le himscrúdú ní mór dó scríobh chuig an ngearánaí agus chuig an soláthraí seirbhíse agus a chinneadh agus na cúiseanna leis an gcinneadh sin a chur in iúl dóibh. Ní mór dó a chur in iúl dóibh fosta gur féidir achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chuig an mBord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine.
- Sa chás go gcinneadh an tÚdarás imscrúdú a dhéanamh ar ghearán ní mór dó cigire a cheapadh chun an t-imscrúdú a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt don Údarás.
- Sa chás go n-aistarraingíonn gearánaí gearán, féadfaidh an tÚdarás dul ar aghaidh leis an ngearán amhail is nár aistarraingíodh é.
- Sa chás go bhfaightear go raibh duine bainteach in “iompar míchuí” féadfaidh an tÚdarás mionsmachtbhanna nó mórsmachtbhanna a fhorchur. Is éard atá i gceist le mionsmachtbhannaí eisiúint rabhaidh, foláirimh nó iomardaithe agus is éard atá i gceist le mórsmachtbhannaí forchur fíneálacha suas le €250,000 agus cúlghairm cheadúnas an tsoláthraí seirbhíse.
- Cuirfear an comhfhreagras go léir a dhéanfar idir an tÚdarás, an gearánaí agus an soláthraí seirbhíse ar fáil do gach páirtí.

- Cuirfear an comhfhreagras go léir a dhéanfar idir an cigire a cheap an tÚdarás, an gearánaí agus an soláthraí seirbhíse ar fáil do gach páirtí.
- Cuirfear an comhfhreagras go léir a dhéanfar idir an cigire a cheap an tÚdarás, an gearánaí agus an soláthraí seirbhíse ar fáil do gach páirtí.
- Féadfar gach cinneadh a dhéanann an tÚdarás a achomharc chuig an mBord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine (mionsmachtbhannaí amháin) nó chuig an Ard-Chúirt (mórsmachtbhannaí amháin).

Suas go dtí deireadh na bliana 2013, fuarthas 348 gearán san iomlán. Cumhdaíodh an raon leathan topaicí seo a leanas faoi chineál na ngearán a fuarthas:

Ábhar an Ghearáin	Líon
Fógraíocht	26
Luach Molta	4
Cuntas Cliant	17
Inniúlacht	5
Cód um Cheantáil	5
Rúndacht	3
Coimhlint Leasa	2
Conradh leis an gCliant	5
Dualgas don Chliant	29
Dualgas don Chustaiméir	26
Iompar Eiticiúil	33
Táillí agus/nó Eisíocaíochtaí	17
Árachas Slánaíochta	1
Faisnéis a sholáthraíodh do chustaiméir	3
Faisnéis a sholáthraíodh don phobal	3
Gan aon Litir um Chomhaontú	7
Airgead a Choinneáil	36
Soláthar Seirbhíse	38
Oibríocht Neamhcheadúnaithe	88
Iomlán	348

De bharr na heaspa foirne ní rabhthas ábalta baill foirne ar bith a shannadh le déileáil le gearáin go dtí an ráithe dheireadh in 2013. Amhail an 31 Nollaig 2013 is é seo a leanas stádas na ngearán a fuarthas suas go dtí an dáta sin:

<u>Stádas an Ghearáin</u>	
Céim an Measúnaithe Tosaigh	201
Diúltaithe/Níor Glactha Leis	100
Lasmuigh den Sainchúram	9
Socraithe Idir na Páirtithe	2
Aistarraingthe ag an nGearánaí	8
Céim Iniúchta	27
Achomharc	1
Iomlán	348

Ag deireadh na bliana 2013, cinneadh 111 cás san iomlán. Ba é an cinneadh i bhformhór na gcásanna sin an gearán a dhiúltú nó gan glacadh leis ar an bhforas nárbh ionann ábhar an ghearáin agus iompar míchuí laistigh de bhrí an Achta nó tharla an cúrsa ar a raibh gearán á dhéanamh sular tháinig an tAcht in éifeacht. Ceapadh sé imscrúdaitheoir san iomlán agus bhí imscrúduithe ar siúl i 27 cás. Admhaíodh 201 cás eile ach níl cinneadh déanta fós faoi cibé an ndéanfaidh nó nach ndéanfaidh imscrúdú. Níor eisíodh “iompar míchuí” i gcás ar bith faoi dheireadh 2013.

Cáilíochtaí

Ní mór d'iarratasóirí ar Cheadúnas na 'híosriachtanais ó thaobh cáilíochtaí' a chomhlíonadh sular féidir ceadúnas a dheonú. Ní mór do dhuine cáilíochtaí acadúla íosta nó taithí chuí a bheith aige nó aici maidir le soláthar na seirbhíse maoinne dá bhfuil an ceadúnas á lorg.

Ar bhunú an Údaráis leagadh amach na cáilíochtaí acadúla íosta agus ceanglaíodh ar dhuine a lorgáinn ceadúnas bunaithe ar cháilíochtaí acadúla an méid seo a leanas a bheith acu:

- íosmhéid de 120 creidiúint ardoideachais agus oiliúna atá comhoiriúnach leis an gCóras Eorpach Aistrithe Creidiúna (ECTS) ag, nó coibhéiseach le, leibhéal 6 go 10 de Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, nó creat coibhéiseach córas cáilíochta i ndlínse eile, i sainréimsí ábhair agus
- ní mór do fhoras nó do fhorais cháiliúcháin atá aitheanta go náisiúnta, nó foras coibhéiseach i ndlínse eile a dheonú.

Ba iad seo a leanas na sainábhair agus an líon creidiúintí riachtanacha maidir le gach ábhar:

Ábhair	Líon ECTS
Luachálacha	7.5
Eolas Margaíochta/Cleachtais	30
Eacnamaíocht	7.5
Dlí	30
Bainistíocht Maoine	20
Foirgníocht Tógáil/ Teicniúil	7.5
Staidéar Ghnó/Forbairt Phearsanta	7.5

Le linn 2013, cé go raibh sé follasach go raibh na réimsí ábhair cuí, bhí gá le níos mó solúbachta i dtaca leis an leibhéal ECTS a bhí de dhíth i ngach ábhar. Dá réir

sin, rinne Fochoiste Cáilíochtaí an tÚdarás athbhreithniú mionsonraithe ar na riachtanais ó thaobh cáilíochtaí acadúla. I ndiaidh a athbhreithnithe mhol an Fochoiste an méid seo a leanas:

- ❖ Ba cheart na croí-réimsí ábhair sainithe, a d’fhaomh an tÚdarás roimhe, agus atá leagtha amach sna Rialacháin um Cháilíochtaí a choinneáil,
- ❖ Ba cheart gur bronnadh 120 ECTS, creidiúintí ardoideachais agus oiliúna comhoiriúnacha, ag leibhéal 6 go 10 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí sna réimsí ábhair sainithe do na hiarratasóirí go léir.
- ❖ Seachas na riachtanais reatha chun mionleibhéal sainithe ECTS a fháil i ngach ceann de na réimsí ábhair sainithe ba cheart an leibhéal ECTS atá le fáil a chur in iúl mar raon idir íosluach agus uasluach,
- ❖ Níor cheart go mbeadh an t-íosluach, ar fud raon iomlán na n-ábhar, níos lú ná 70 ECTS, agus
- ❖ Ba cheart na ECTS infheidhmithe i dtaca leis na hábhair aonair a leasú mar a leanas:

Ábhair	Líon ECTS	
	Íos-líon	Uas-líon
Luachálacha	10	20
Eolas Margaíochta/Cleachtais	15	30
Eacnamaíocht	5	20
Dlí	15	30
Bainistíocht Maoine	10	20
Foirgníocht Tógáil/ Teicniúil	10	20
Staidéar Ghnó/Forbairt Phearsanta	5	20


Lena chois sin, mhol an Fochoiste gur cheart a mheas go bhfuil daoine a bhfuil cáilíocht Mháistreachta acu (90 ECTS), sna réimsí ábhair sainithe, mar a bheith cáilithe chun ceadúnas a bheith acu.

Ghlac an tÚdarás le moltaí an Fhochoiste agus chinn sé gur cheart na critéir úra um cháilíochtaí a thabhairt isteach.

Faoi na rialacháin reatha um cháilíochtaí féadfaidh an tÚdarás ceadúnas a dheonú do dhuine ar bith a mheasfadh sé go raibh na cáilíochtaí eile acu a measann sé iad a bheith cuí. Agus a lánrogha á feidhmiú aige faoin bhforáil seo cinneadh go ndeonóidh an tÚdarás ceadúnas do dhuine ar bith a chomhlíonfadh na critéir úra.

Soláthar Foirne

Díreach roimh bhunú an Údaráis rinneadh aighneacht mhionsonraithe chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais inar leagadh amach an struchtúr eagrúcháin agus an soláthar foirne ba ghá chun cur ar chumas an Údaráis a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Chomh maith leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin lorgaíodh 29 ball foirne san iomlán (2 AP, 10 HEO, 11 EO agus 6 CO) agus moladh an struchtúr eagrúcháin seo a leanas:



Mar sin féin, ar bhunú an Údaráis níor sannadh ach 9 mball foirne (3 HEO, 3 EO agus 3 CO). Ar feadh tréimhse 12 mhí ó Mheitheamh go Lúnasa 2013 sannadh 7 mball foirne cléireachais eile chun cuidiú le ceadúnú Soláthraithe seirbhísí Maoine.

Le linn 2013 tionóladh cainteanna forleathana leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le soláthar foirne an Údaráis. Léiríonn go raibh bac á chur ag an nganntanas foirne ar fheidhmiú fheidhmeanna an Údaráis. Go sonrach léiríodh nach mbeadh sé ar chumas an Údaráis an t-imscrúdú ar ghearáin a dhéanamh nó

iniúchtaí um chomhlíonadh a dhéanamh a bhí riachtanach chun a chinntiú go raibh tomhaltóirí á gcosaint agus go raibh soláthraithe seirbhísí maoinne ceadúnaithe ag cloí go hiomlán lena n-oibleagáidí reachtúla.

Ghlac an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus scrúdú cúramach déanta acu ar aighneachtaí mionsonraithe an Údaráis, lena mholtaí agus lorg siad cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le líon iomlán na foirne a bhí á lorg ag an Údarás. Shonraigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, áfach, nach raibh sé ar a cumas cead a thabhairt maidir le soláthar foirne breise ar bith don Údarás i ngeall ar na cúinsí eacnamaíocha deacra agus beartas an Rialtais maidir le líonta na seirbhíse poiblí a laghdú. Shonraigh sí gur cheart soláthar foirne breise ar bith a bhí ag teastáil ón Údarás a sholáthar ó laistigh de na hacmhainní a bhí ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais cheana.

I ndiaidh don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar a hacmhainní féin, léirigh sí, cé go mbeadh sí ábalta líon teoranta foirne a chur ar fáil don Údarás ó laistigh dá hacmhainní féin, go raibh deacrachtaí aici le baill foirne a fháil a bheadh sásta dul go dtí Ceanncheathrú an Údaráis san Uaimh, Co. na Mí. Léirigh an tÚdarás don Roinn, go raibh sé sásta, d'fhonn freastal ar athshannadh baill foirne bhreise, oifig a oscailt i mBaile Átha Cliath chun imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin i mBaile Átha Cliath agus ina bpluráin. Ag deireadh mhí na Samhna 2013, d'oscail an tÚdarás oifig i mBaile Átha Cliath agus sannadh 6 bhall foirne bhreise dó (2 AP, 1 HEO, 2 EO agus 1 CO) chun imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin.

Léirigh an tÚdarás fiú leis na baill foirne bhreise a sannadh go raibh sé fós an-ghann ar fhoireann. Léirigh sé cé go bhféadfaí tús a chur leis an imscrúdú ar ghearáin bhí riaráiste suntasach san réimse seo cheana a leanfadh ag fás.

Ag deireadh 2013 ba é líon baill foirne an Údaráis 2 AP, 4 HEO, 5 EO agus 4 CO arbh ionann é sin agus beagáinín os cionn 50% d'íosriachtanas soláthair foirne an Údaráis. Léirigh an tÚdarás nach mbeadh sé ar chumas an Údaráis leis an leibhéal foirne seo imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin ar mhodh tráthúil agus go leanfadh na

riaráistí ag méadú. Lena chois sin ní rabhthas ábalta gné ríthábhachtach de chuid fheidhm rialála an Údaráis, is é sin iniúchadh um chomhlíonadh, a dhéanamh.

Moladh don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais mura raibh sé ar chumas na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe baill foirne bhreise a cheadú agus mura raibh sé ar chumas na Roinne féin baill foirne bhreise a chur ar fáil ó laistigh dá hacmhainní féin bheadh gá breathnú ar chuid den imscrúdú ar ghearáin agus an obair iniúchta um chomhlíonadh a sheachfhoinní d'fhonn go mbeadh an tÚdarás ábalta cloí go hiomlán lena oibleagáidí reachtúla. Thug an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi imscrúdú a dhéanamh ar an rogha seo leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ciste Cúitimh

Ceanglaítear ar an Údarás faoin Acht Ciste Cúitimh a bhunú. Is é is cuspóir leis na gCiste cúiteamh a thabhairt do dhaoine dár bhain caillteanas i ngeall ar mhí-ionracas soláthraí seirbhíse. Ceanglaítear ar an Údarás a chinntiú go gcoinnítear an méid i gcreidiúint an Chiste ag €2 mhilliún ar a laghad agus ní mór é sin a bhaint amach laistigh de 4 bliana dá bhunú.

Is é €200 in aghaidh na bliana an leibhéal ranníocaíochta is iníoctha leis an gCiste ag Fostóir Seirbhísí Maoine agus is é €50 in aghaidh na bliana ag Fostaí.

Cúiteamh

Sa chás go bhfuil sé sásta gur bhain caillteanas do chliant Soláthraí Seirbhíse Maoine i ngeall ar mhí-ionracas an tSoláthraí Seirbhísí Maoine, ní mór don Údarás, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach thíos, cúiteamh a íoc leis an gcliant ón gCiste.

Tá lánrogha ag an Údarás cúiteamh a dhéanamh nó a dhiúltú sa chás go measann sé-

- nach raibh caillteanas ag an Soláthraí Seirbhísí Maoine nuair a bhain an caillteanas,
- gur chuir mí-ionracas/faillí an chliant leis na gcaillteanas,
- gur chuir an cliant (lena n-áirítear trí neamhghníomh) le hiompar míchuí ag an Soláthraí Seirbhísí Maoine.

Féadfaidh an tÚdarás, má bhíonn sásta go dteastaíonn sé i gcomhair chobhsaíocht airgeadais an Chiste, íocaíocht deontais ar bith nó tráthchuid deontais ar bith a chur siar agus féadfar an cúiteamh a íoc i gcnapshuim nó i dtráthchodanna.

Ní mór do mhéid an chúitimh a bheith ionann, i dtuairim an Údaráis, le haisíocaíocht mhéid nó luach an chaillteanais a bhain don chliant lena mbaineann agus na costais réasúnacha a thabhaigh an cliant agus é ag iarraidh é a fháil ar ais le hús ach gan damáistí san áireamh.

Ní mór don Údarás, go dtí méid an chúitimh a íocadh, a bheidh seachaithe i leith:

- (a) cearta nó ceartúcháin ar bith a raibh an cliant ina dteideal maidir leis an gcaillteanas in éadan an tSoláthraí Seirbhísí Maoine,
- (b) cearta nó ceartúcháin ar bith a raibh an Soláthraí Seirbhísí Maoine ina dteideal maidir leis an gcaillteanas in éadan duine ar bith, agus
- (c) gach ceart agus ceartúchán eile (más ann dóibh) de chuid an chliant maidir leis an gcaillteanas.

Bainistíocht an Chiste

Meastar

- go sealbhaíonn an tÚdarás ar iontaobhas an t-airgead uile a íocadh leis an gCiste agus ní mór dó an t-airgead sin a chur i dtaisce i gcuntas ar leithligh ó airgead ar bith eile.
- féadfaidh sé an t-airgead uile sa Chiste a infheistiú in urrúis ina bhfuil iontaobhaithe údaraithe le dlí cistí iontaobhais a infheistiú.
- féadfaidh sé iasacht a fháil don Chiste agus, chun urrús a thabhairt i dtaca le hiasachtaíocht dá leithéid, infheistíochtaí an Chiste a mhuirearú.
- árachas a fháil i gcoinne riosca ar bith a bhaineann leis an gCiste.

Ní mór na nithe seo a leanas a íoc isteach sa Chiste-

- gach ranníocaíocht chuí leis an gCiste,
- gach ús, díbhinn agus ioncam agus breisiú caipitil a eascraíonn as infheistíocht an Chiste nó as cuid ar bit de,
- fáltais réadú infheistíochtaí ar bith den Chiste,
- an t-airgead go léir a fuarthas ar iasacht chun críche an Chiste,
- an t-airgead go léir a fuair an tÚdarás faoi árachas ar bith arna dhéanamh ag an Údarás,
- airgead ar bith eile a d'fhéadfadh bheith mar chuid den Chiste é nó a fhabhródh chuig an gCiste nó atá le fáil ag an Údarás maidir leis.

Ní mór na nithe seo a leanas a íoc amach as an gCiste-

- costais, muirir agus speansais a thabhaítear chun an Ciste a chothú, a chosaint, a riar agus a fheidhmiú,
- préimheanna ar árachas ar bith arna dhéanamh ag an Údarás,
- íocaíochtaí airgid ar bith a fhaigheann an tÚdarás ar iasacht don Chiste agus íocaíochtaí úis ar airgead dá leithéid,
- íocaíochtaí deontas a d'fhéadfadh an tÚdarás a dhéanamh,
- costais, muirir agus speansais a thabhaíonn an tÚdarás maidir leis an gCiste a riar agus gearáin a imscrúdú,
- suimeanna eile atá iníoctha go cuí as an gCiste.

Amhail an 31 Nollaig 2013 bhí an méid a bhí i gcreidiúint don Chiste os cionn €1 mhilliún. Ar bhonn líon na gceadúnas a deonaíodh suas go dtí deireadh 2013 is féidir an ceanglas €2 mhilliún a bheith sa Chiste laistigh de 4 bliana ó bhunú an Údaráis a bhaint amach tríd an leibhéal reatha ranníocaíochtaí a choinneáil.

Suas go dtí deireadh 2013 níor íocadh cúiteamh ar bith as an gCiste.

Clár Phoiblí

Ceanglaítear ar an Údarás san Acht líon Clár Poiblí a bhunú agus a chothú. I mí Mheán Fómhair 2012 bhunaigh agus d'fhoilsigh an tÚdarás a chéad chlár poiblí: Clár na bPraghsanna ar Mhaoín Chónaithe. In 2013 d'fhoilsigh sé dhá Chlár Phoiblí eile, is iad siúd, Clár Poiblí na Soláthraithe Ceadúnaithe Maoine agus Clár na Léasanna Tráchtála.

Clár na bPraghsanna ar Mhaoín Chónaithe

Áirítear ar an gClár faisnéis maidir le maoine cónaithe a ceannaíodh in Éirinn ó bhí an 1 Eanáir 2010 ann, arna dhearbhu ag na Coimisinéirí Ioncaim chun críche dleacht stampála.

Tá an praghas a íocadh as maoine aonair ann agus tá sonraí maidir leis na díolacháin chónaithe go léir ann - díolacháin airgid agus díolacháin le morgáiste araon. Áirítear ar na sonraí a foilsíodh sa Chlár an praghas, dáta díolacháin agus seoladh (lena n-áirítear uimhir an tí) gach maoine cónaithe a díoladh in Éirinn ó bhí Eanáir 2010 ann. Tugtar an fhaisnéis chun dáta ar bhonn rialta agus foilsítear an fhaisnéis laistigh de mhí ó dháta díolacháin na maoine.

Is féidir an Clár a chuardach trí thagairt a dhéanamh do líon critéar lena n-áirítear gach díolacháin de réir an chontae, na cathrach nó an bhaile, seoladh na maoine aonair agus de réir na bliana.

Óna fhoilseachán tosaigh ag deireadh mhí Mheán Fómhair go dtí deireadh mhí na Nollag 2013 tugadh os cionn 2 mhiliún cuairt ar an suíomh.

Clár na Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe

Ceanglaítear ar an Údarás faoin Acht sonraí gach Soláthraí Seirbhísí Maoine atá ceadúnaithe aige a fhoilsiú. Foilsíodh an Clár seo i Márta 2013. Tá an fhaisnéis seo a leanas ann maidir le gach duine atá ceadúnaithe ag an Údarás.

- Ainm an Cheadúnaí
- As an Cheadúnaí

- Catagóir an Cheadúnaí (.i. Cuideachta, Comhpháirtíocht, Trádálaí Aonair, Fostaí)
- An Cineál Ceadúnais atá acu
- Dáta Éaga an Cheadúnais

Tugtar an Clár chun dáta gach seachtain.

Clár na Léasanna Tráchtála

Mhol an Grúpa Oibre ar Thrédhearcacht in Athbhreithniú Cíosanna Tráchtála go mbunófaí bunachar sonraí léasanna tráchtála, agus tuairiscíodh é seo i mí Lúnasa 2010. Tháinig comhaltaí an Ghrúpa Oibre uathu siúd atá gníomhach sa mhargaidh maoiné tráchtála den chuid is mó.

